# KOHESIO agus LIOSTAÍ OIBRÍOCHTAÍ

# BOSCA UIRLISÍ

**Réamhrá**

Tá infheictheacht, cumarsáid agus trédhearcacht ríthábhachtach chun go mbeidh gníomhaíocht an Aontais Eorpaigh infheicthe ar an láthair. Sa chlárthréimhse 2021-2027, treisíodh na forálacha sin sa chreat rialála, lena gcuirtear acmhainneacht thábhachtach chun cinn do na Ballstáit.

Ó thaobh na trédhearcachta de, is bunriachtanas é liosta na n-oibríochtaí. Ceadaítear leis an bhforáil rialála seo do shaoránaigh, don earnáil phríobháideach, don tsochaí shibhialta agus d'údaráis riaracháin phoiblí a fheiceáil conas atá cistí Eorpacha á n-úsáid. In 2014-2020, bhunaigh na Ballstáit cleachtais nuálacha chun leas a bhaint as na tacair sonraí sin. Sa bhreis ar na cásanna sin, le creat rialála na clárthréimhse nua, bhí an Coimisiún Eorpach in ann dlús a chur leis na hiarrachtaí i gcaipitliú agus athúsáid bhreise a bhaint as na sonraí luachmhara a cuireadh ar fáil i liostaí oibríochtaí. Tá an méid sin á bhaint amach trí Kohesio, ardán bainistíochta eolais lena n-athúsáidtear sonraí ó 27 mBallstát chun níos mó ná 1.9 milliún oibríocht a thaispeáint sa chlárthréimhse 2014-2020, agus tá níos mó oibríochtaí le comhtháthú in 2021-2027.

Mar sin féin, tugann na Ballstáit agus na húdaráis bhainistíochta aghaidh ar liosta na n-oibríochtaí ar bhealaí éagsúla, rud a dhéanann difear, dá bhrí sin, don chaoi a léirítear gníomhaíochtaí an Aontais ar an láthair. Chun ról Kohesio mar an córas sonraí tionscadail aonair do 2021-2027 a chomhdhlúthú, tá sé ríthábhachtach a chinntiú go soláthróidh gach clár an leibhéal céanna trédhearcachta, inrochtaineachta agus infheictheachta i dtaca lena n-oibríochtaí. Chuige sin, tugtar aghaidh leis an doiciméad seo ar aidhm chomhroinnte chun eolas ó chistí, réigiúin, cláir, teangacha agus formáidí éagsúla a chaighdeánú.

Is é cuspóir na huirlise tacaíochta seo míniú a thabhairt do na Ballstáit agus do na húdaráis bhainistíochta ar aidhmeanna agus modh oibre Kohesio, na naisc idir an t-ardán agus liosta na n-oibríochtaí a leagan amach, agus dea-chleachtais a mholadh maidir le liostaí na n-oibríochtaí a dhréachtú. Is obair leantach é an doiciméad seo ar an bplé agus ar na ceisteanna a ardaíodh ag Sainghrúpa Faisnéise an Aontais Eorpaigh maidir le Cumarsáid.

Séanadh:

Is iad seirbhísí an Choimisiúin a d'ullmhaigh an doiciméad seo agus ní chuirtear an Choimisiún Eorpach faoi cheangal leis. Is í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus í sin amháin, atá inniúil ar dhlí an Aontais a léirmhíniú go húdarásach. Is é is aidhm don doiciméad seo ardán Kohesio a mhíniú agus samplaí de liosta na gceanglas oibríochta a chur ar fáil.

## 1. Liosta oibríochtaí: léargas ar an gcur chun feidhme

Is ceanglas rialála é liosta na n-oibríochtaí do chlárthréimhse 2021-2027, a leagtar amach in Airteagal 49, míreanna 3, 4 agus 5 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna (RFC).[1]:

*3. Déanfaidh an t-údarás bainistíochta liosta na n-oibríochtaí arna roghnú le haghaidh tacaíochta ó na Cistí a chur ar fáil go poiblí ar an suíomh gréasáin i gceann amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla institiúidí an Aontais agus tabharfaidh sé an liosta sin cothrom le dáta gach 4 mhí ar a laghad. Beidh cód uathúil ag gach oibríocht. Beidh na sonraí seo a leanas ar an liosta:*

- *(a) i gcás eintitis dhlítheanacha, ainm an tairbhí agus, i gcás soláthar poiblí, ainm an chonraitheora;*
- *(b) i gcás inar duine nádúrtha an tairbhí, an céadainm agus an sloinne;*
- *(c) i gcás oibríochtaí faoi CEMID a bhaineann le soitheach iascaireachta, an uimhir aitheantais i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais dá dtagraítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 (47) ón gCoimisiún;*
- *(d) ainm na hoibríochta;*
- *(e) cuspóir na hoibríochta agus a gnóthachtálacha ionchais nó iarbhír;*
- *(f) dáta tosaigh na hoibríochta;*
- *(g) an dáta deiridh a mheastar a chríochnófar an oibríocht, nó an dáta iarbhír a críochnaíodh an oibríocht;*
- *(h) costas iomlán na hoibríochta;*
- *(i) an Ciste lena mbaineann;*
- *(j) an cuspóir sonrach lena mbaineann;*
- *(k) ráta cómhaoinithe an Aontais;*
- *(l) táscaire suímh nó geoshuíomh don oibríocht agus don tír lena mbaineann;*
- *(m) i gcás oibríochtaí móibíleacha nó oibríochtaí lena gcumhdaítear roinnt suíomhanna, an suíomh ina bhfuil an tairbhí i gcás inar eintiteas dlítheanach an tairbhí; nó an réigiún ar leibhéal NUTS 2 inar duine nádúrtha an tairbhí;*
- *(n) cineál na hidirghabhála don oibríocht i gcomhréir le pointe (g) d'Airteagal 73(2).*

*Maidir le sonraí dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c) den chéad fhomhír, bainfear na sonraí 2 bhliain ó dháta an fhoilsithe tosaigh ar an suíomh gréasáin.*

*4. Foilseofar na sonraí dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear i mír 1, nó ar thairseach aonair an tsuímh ghréasáin dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 46 den Rialachán seo, i bhformáidí oscailte meaisín-inléite, mar a leagtar amach in Airteagal 5(1) de Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (48), lenar féidir sonraí a shórtáil, a chuardach, a asbhaint, a chur i gcomparáid agus a athúsáid.*

*5. Sula bpoibleofar na sonraí, i gcomhréir leis an Airteagal seo, cuirfidh an t-údarás bainistíochta na tairbhithe ar an eolas go bpoibleofar na sonraí.*

Is é sin le rá, is léargas é liosta na n-oibríochtaí ar chur chun feidhme chistí an Aontais i gclár ar leith ag tráth ar leith. Ceanglaítear ar na húdaráis bhainistíochta eolas a sholáthar ó na hoibríochtaí uile a mhaoinítear mar

[1] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí.

chuid de chlár, ionas gur féidir le saoránaigh foinse atá cothrom le dáta agus atá ar fáil go poiblí a úsáid faoi oibríochtaí ina gcathair, ina réigiún, ina dtír nó san Aontas.

### Réimsí sonraí

Liostaítear in Airteagal 49 (3) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna an cineál eolais is gá a chur san áireamh i liostaí oibríochtaí. Baineann sé le réimsí sonraí a sholáthraíonn eolas faoi oibríocht agus faoi chláir, faoi thairbhithe agus faoi mhaoiniú. Agus é d'aidhm acu beartais an Aontais a dhéanamh níos infheicthe agus leas a bhaint as acmhainneacht ardán Kohesio, moltar do na húdaráis bhainistíochta agus do na Ballstáit tuilleadh eolais a chur ar fáil faoi thionscadail (féach roinn 3 le haghaidh mionsonraí).

### Infhaighteacht leathan

Beidh liosta na n-oibríochtaí ar fáil go poiblí, is é sin foilseofar iad ar shuíomh gréasáin an chláir nó ar thairseach aonair an tsuímh ghréasáin (Airteagal 49 (3 agus 4)). Meastar gur dea-chleachtas é seoltaí suíomhanna gréasáin cobhsaí a chur ar fáil nach n-athraíonn nuair a dhéantar leaganacha éagsúla de liostaí oibríochtaí a uaslódáil. Maidir leis an teanga, is gá liosta oibríochtaí a fhoilsiú i gceann amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla an Aontais.

### Nuashonraithe agus iarbhír

Tá sé ríthábhachtach eolas atá cothrom le dáta a chur ar fáil chun tacair sonraí iontaofa agus chruinne a chruthú maidir le beartais an Aontais. Tar éis Airteagal 49 (3), bainfear é sin amach trí na sonraí a nuashonrú gach 4 mhí ar a laghad. Féadfaidh na Ballstáit agus na húdaráis bhainistíochta é a dhéanamh níos minice, mar shampla tar éis oibríochtaí nua a roghnú agus a chonrú.

### Formáid agus athúsáid

Is gné thábhachtach den inrochtaineacht í formáid liostaí na n-oibríochtaí: foilseofar é i bhformáidí oscailte meaisín-inléite, lenar féidir sonraí a shórtáil, a chuardach, a asbhaint, a chur i gcomparáid agus a athúsáid. Go praiticiúil, cuireann formáidí oscailte agus meaisín-inléite (mar shampla .csv,.xlsx agus eile) sonraí struchtúrtha ar fáil lenar féidir bealaí nua a aimsiú chun é a úsáid agus seirbhísí nó táirgí nua a chruthú. Baineann tábhacht ar leith leis an méid thuasluaite i gcás eolas ón earnáil phoiblí[2], ar comhthiomsú ollmhór éagsúil acmhainní í.

### Na tairbhithe a chur ar an eolas

Cinnteoidh an t-údarás bainistíochta go bhfuil na tairbhithe ar an eolas faoin gceanglas agus cuirfidh sé in iúl dóibh go gcuirfear na sonraí ar fáil go poiblí sula bhfoilseofar iad (Airteagal 49 (5)).

Le paraiméadair threisithe agus réimsí sonraí breise, leagtar amach i gcreat rialála 2021-2027 an bealach chun breisluach a chruthú ó na sonraí a aimsítear i liostaí oibríochtaí. Tá sé sin déanta go príomha le Kohesio.

---

[2] Mar a leagtar amach i dTreoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid.

## 2. Kohesio: ardán do thionscadail arna maoiniú ag an Aontas

Is ardán bainistíochta eolais é Kohesio a bhfuil sé d'aidhm aige sonraí oibríochta ó liosta na n-oibríochtaí a ghabháil agus a shamhlú, agus níos mó ná 1.9 milliún oibríocht beartais Chomhtháthaithe[3] san áireamh ar an ardán. Seoladh go hoifigiúil é i mí an Mhárta 2022, tar éis tréimhse phíolótach inar chomhtháthaigh an Coimisiún sonraí oibríochta ón tréimhse 2014-2020, lena gcumhdaítear Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus an Ciste Comhtháthaithe (CC).Áiríodh sa chéad chéim de scéim phíolótach Kohesio oibríochtaí ó shé Bhallstát[4] a leathnaíodh ansin go dtí gach ceann de na 27 mBallstát. I mí Iúil 2022, cuireadh tionscadail Interreg san áireamh freisin. Faoi láthair, tá REGIO ag féachaint ar roghanna chun córas tionscadail aonair a dhéanamh de Kohesio le haghaidh na gcistí uile a chumhdaítear le Rialachán na bhForálacha Coiteanna.

**Ceannródaí maidir le hinrochtaineacht agus trédhearcacht**

Tá sé d'aidhm ag Kohesio cur chun feidhme chistí an Aontais a dhéanamh níos trédhearcaí, níos inrochtana agus athúsáid sonraí atá ann cheana a spreagadh. Áirítear ar a fheidhmiúlachtaí léarscáil idirghníomhach, tionscadal agus modúl tairbhíoch. A bhuí leis na modúil, is féidir tionscnaimh atá maoinithe ag an Aontas a chuardach de réir na gceannteideal seo a leanas:

- eochairfhocail,
- tír agus réigiún,
- cuspóirí téamacha, cuspóirí beartais agus téamaí ginearálta,
- catagóirí tionscadal,
- ciste,
- clár,
- ais tosaíochta,
- buiséad iomlán agus buiséad an Aontais,
- réimse idirghabhála,
- dáta agus
- eagraíochtaí tairbhíocha.

Dá réir sin, leis an ardán is féidir eolas a aimsiú agus cumarsáid a dhéanamh ar bhonn críochach, rud a fhágann go mbeidh rochtain níos fearr ar bheartais an Aontais in ainneoin difríochtaí teanga agus go

[3] Tar éis sheoladh foirmiúil Kohesio i mí an Mhárta 2022, áiríodh 1 718 033 oibríocht ar an ardán. Tá an uimhir sin á leathnú go leanúnach leis na sonraí nua atá comhtháite in Kohesio.

[4] Is iad an Fhrainc, an Danmhairg, Éire, an tSeicia, an Iodáil agus an Pholainn na chéad Bhallstáit ar áiríodh a sonraí in Kohesio. Ghlac ionadaithe ó na Ballstáit sin páirt i Seimineár Teicniúil ar Kohesio in 2020 agus thug siad aiseolas luachmhar chun an t-ardán a fhorbairt.

méadaítear tuiscint ar bheartais le samplaí oibríochtaí praiticiúla. Sa bhreis ar na haidhmeanna sin, d'fhéadfadh feidhmiúlachtaí Kohesio tacú le cúraimí éagsúla bainistíochta clár ó lá go lá. Braitheann an t-ardán ar bhogearraí foinse oscailte agus saor in aisce a d'fhorbair Wikimedia Deutschland agus úsáideann sé teicneolaíocht, mar shampla an intleacht shaorga, an mheaisínfhoghlaim agus cuardach séimeantach.

**Tionscnamh na sonraí**

Is iad liostaí na n-oibríochtaí an phríomhfhoinse sonraí, mar a mhínítear in Airteagal 49(3) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna[5]. Is iad na sonraí a thugtar le chéile de réir Airteagal 49(3) cnámh droma Kohesio: áirítear ann an t-eolas uile faoi oibríochtaí a dhéantar a athúsáid, a struchtúrú agus a léirshamhlú ar an ardán ansin (is féidir teacht ar fhorléargas uileghabhálach ar liostaí na n-oibríochtaí a úsáidtear le haghaidh Kohesio agus hipearnaisc ghaolmhara i rannán na gCeisteanna Coitianta de chuid Kohesio).

**An teanga**

Úsáideann Kohesio eTranslation, uirlis mheaisínaistriúcháin an Choimisiúin, chun sonraí ar oibríochtaí a aistriú ó theangacha éagsúla go Béarla.

**Spriocphobail**

Mar uirlis chumarsáide agus trédhearcachta, cuireann Kohesio tacar leathan úsáidí féideartha ar fáil chun an beartas Comhtháthaithe a dhéanamh infheicthe go náisiúnta nó go réigiúnach. I gcás na mBallstát agus na n-údarás bainistíochta, is féidir Kohesio a úsáid chun súil a choinneáil ar infheistíochtaí i réigiúin áirithe i dtír amháin nó i roinnt tíortha, oibríochtaí sonracha a chur in iúl (agus úsáid á baint as URL sonrach ós rud é go bhfuil a leathanach féin ag gach oibríocht in Kohesio, agus Kohesio á leabú ar shuíomhanna gréasáin na gclár, mar shampla) nó oibríochtaí nua a roghnaítear le haghaidh tacaíochta a chur chun cinn. I gcás tairbhithe, déanann Kohesio a gcuid oibre níos feiceálaí agus cuireann sé níos mó deiseanna cur chun cinn ar fáil trína gcur ar an léarscáil d'oibríochtaí cómhaoinithe an Aontais. Is féidir leisna meáin, institiúidí idirnáisiúnta,forbairt réigiúnach agus saineolaithe eile leas a bhaint as Kohesio trí thaighde a dhéanamh ar chur chun feidhme an bheartais Chomhtháthaithe, trí eolas a aimsiú faoi thairbhithe agus oibríochtaí sonracha, agus trí bhreithniú a dhéanamh ar ghnóthachtálacha oibríochta. Leis an bhfeidhmiúlacht *Tionscadail i ngar dom*, is féidir le saoránaigh leas a bhaint as Kohesio chun oibríochtaí a aimsiú timpeall ar a suíomh reatha, nó i gceantair eile ina gcónaíonn siad, ina n-oibríonn siad nó ina gcaitheann siad am. Ar deireadh, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach leas a bhaint as Kohesio chun oibríochtaí a roghnú le haghaidh cuairteanna, agallamh, seisiún faisnéise, srl.

**An modh oibre**

Braitheann Kohesio ar liostaí oibríochtaí atá foilsithe cheana féin ag na Ballstáit agus ag na húdaráis bhainistíochta. Déantar eolas faoi oibríochtaí a ghabháil ó shuíomhanna gréasáin na mBallstát agus ó shuíomhanna gréasáin na n-údarás bainistíochta ar bhealach uathoibrithe. Is é sin le rá, ceanglaítear ar na Ballstáit agus ar na húdaráis bhainistíochta sonraí oibríochta a ullmhú agus a fhoilsiú i bhformáidí oscailte meaisín-inléite. Ansin gabhann an Coimisiún liostaí d'oibríochtaí go díreach ó na suíomhanna gréasáin sin, déanann sé sonraí a shaibhriú agus déanann sé cáilíocht na sonraí a chros-seiceáil, agus ar deireadh

[5] Maidir leis an gclárthréimhse 2014-2020, beidh feidhm ag Airteagal 115 agus ag Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

comhtháthaíonn sé in Kohesio iad. Sna céimeanna sin, déantar sonraí a ghabháil ó shuíomhanna gréasáin roinnt uaireanta sa bhliain chun úsáid a bhaint as na nuashonruithe is déanaí.

Nuair a chomhlíonann na Ballstáit agus na húdaráis bhainistíochta a n-oibleagáidí maidir le liostaí oibríochtaí, níl aon chúram breise ann maidir le Kohesio. Mar sin féin, tá bearna ann maidir le liostaí na n-oibríochtaí agus Kohesio. Na bealaí éagsúla chun tacair sonraí a struchtúrú agus na sonraí éagsúla a chuirtear san áireamh i liostaí oibríochtaí a aimsítear ar fud na mBallstát, bíonn tionchar acu sin ar thuiscint chomhleanúnach agus inchomparáide ar ghníomhaíocht an Aontais ar an láthair, chomh maith le hinfhaighteacht sonraí (ní hamháin le haghaidh Kohesio, ach chun críoch cumarsáide eile). Bíonn tionchar aige sin ar thrédhearcacht chistí an Aontais agus Kohesio. Féachtar ar struchtúr a sholáthar le haghaidh tuilleadh comhchuibhithe ar fud na mBallstát agus liostaí oibríochtaí na n-údarás bainistíochta mar bhealach chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin.

## 3. An bhearna a dhúnadh: ó chineálacha éagsúla cur chuige go caighdeán coiteann

Bunaithe ar chleachtais 2014-2020 maidir le liosta sonraí oibríochtaí a fhoilsiú, tugadh faoi deara go dtugann na Ballstáit agus na húdaráis bhainistíochta aghaidh ar liosta na gceanglas oibríochtaí ar bhealaí éagsúla, ní ar bhealaí córasacha i gcónaí. Tagraíonn an éagsúlacht cur chuige sin d'fhormáid na réimsí sonraí, do neamhréireachtaí idir leaganacha éagsúla de liostaí oibríochtaí, agus ar bhonn níos lú do dhifríochtaí maidir leis na réimsí sonraí a áirítear[6].

Dá bhrí sin, is é is aidhm don chaibidil seo struchtúr coiteann a bhunú chun liosta oibríochtaí a tháirgeadh, moltar conas cáilíocht sonraí a fheabhsú agus léirítear an aidhm le dea-chleachtais. I gcomhréir leis an tábhacht a bhaineann le hinfheictheacht bheartais an Aontais a ardú, tá leas coiteann ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún Eorpach sonraí oibríochta ar ardchaighdeán a fhoilsiú, leas a bhaint astu trí Kohesio agus breisluach a thabhairt do thrédhearcacht, d'infheictheacht agus do chumarsáid bheartais an Aontais.

Ar an gcéad leathanach eile, léirítear **samhail de liosta leathnaithe oibríochtaí**, cuir i gcás réimsí sonraí a leagtar amach in Airteagal 49(3) agus níos mó réimsí atá riachtanach don trédhearcacht agus do Kohesio, mar aon le mínithe orthu agus samplaí. Is é aidhm an tsampla seo léiriú a thabhairt ar an gcuma a d'fhéadfadh a bheith ar liosta saibhir agus luachmhar oibríochtaí. Leanann comhad Excel (atá i gceangal leis an doiciméad seo) an tsamhail, ina léirítear na réimsí céanna ach i bhformáid atá níos éasca a athúsáid. Moltar do na

[6] Mar shampla, tugadh faoi deara go gcuirtear níos mó ná céad teimpléad éagsúil ar fáil ar fud an Aontais. Níor foilsíodh roinnt liostaí oibríochtaí i bhformáid atá oiriúnach don mheaisín, agus níor chuir cinn eile URL cobhsaí ar fáil (is é sin an nasc leis an liosta oibríochtaí a athraíodh tar éis na nuashonruithe). Ansin, úsáideann roinnt liostaí oibríochtaí foclaíocht éagsúil le haghaidh na réimsí sonraí céanna, rud a chuireann bac ar shonraí a chomhtháthú in Kohesio.

Ballstáit agus do na húdaráis bhainistíochta ord na réimsí sonraí a chuirtear i láthair sa tsamhail a leanúint (sa cholún réimse *Sonraí* ). Ag deireadh na roinne tá liosta de chleachtais ghinearálta maidir leis an leas is fearr is féidir a bhaint as liostaí na n-oibríochtaí.

Tabhair faoi deara go gceanglaítear ar na Ballstáit agus ar na húdaráis bhainistíochta na sonraí a liostaítear in Airteagal 49(3) a sholáthar. Is ar bhonn deonach atá sé liosta na n-oibríochtaí bunaithe ar an tsamhail[7] leathnaithe atá beartaithe a leathnú. Moltar go láidir é sin a dhéanamh, mar baineann sé leas freisin as acmhainneacht na bhfoinsí atá ar fáil cheana féin. Is é sin, tagraíonn na réimsí sonraí samhla leathnaithe do shonraí atá le taifeadadh agus le stóráil go leictreonach maidir le gach oibríocht, a leagtar amach in Airteagal 72(1,e) agus in Iarscríbhinn XVII. Ar an dara dul síos, trí liosta bunaidh na n-oibríochtaí a leathnú, beidh níos mó trédhearcachta ann do na Ballstáit agus do na húdaráis bhainistíochta, trí níos mó tacar sonraí lena bhféadfar tuilleadh athúsáide a bhaint astu agus é sin a dhéanamh trí Kohesio araon.

Dá bhrí sin, iarrtar ar na Ballstáit agus ar na húdaráis bhainistíochta úsáid a bhaint as na samplaí sin agus na cleachtais sin a phríomhshruthú ina gcuid clár. Tríd an méid sin a dhéanamh cuirfear béim ar ár gcur chuige maidir le cumarsáid: is comhfhiontar é beartais an Aontais a chur in iúl a bhfuil baint ag an gCoimisiún, ag na Ballstáit agus ag na húdaráis bhainistíochta leis, a bhfuil a rannpháirtíocht, a dtiomantas agus a saineolas ina bpríomhchoinníoll le go n-éireoidh leo.

[7] Tá réiltín (*) ag gabháil leis na réimsí sonraí breise a mholtar sa tsamhail leathnaithe.

| Réimse sonraí | Tuairisc | Sampla |
|---|---|---|
| **Clár** | | |
| **Clár*** | Tagraíonn sé do CCI, cód sonrach a leithdháiltear ar gach clár, a chabhraíonn leis an gclár beacht a shainaithint (i measc go leor clár eile in Kohesio). | 2022FR16M0OP003 |
| **Tosaíocht*** | Tosaíocht chlárshonrach lena dtugtar aghaidh ar chuspóir beartais amháin.<br>*Leid: bain úsáid as formáid chaighdeánach le haghaidh tosaíochtaí agus aistriúcháin oifigiúla (*EUR-Lex*) sa teanga a úsáidtear le haghaidh liosta na n-oibríochtaí* | 2 — Inbhuanaitheacht |
| **Cuspóir sonrach** | Cuspóir sonrach a roghnaítear agus a áirítear i ngach clár (agus a liostaítear i Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus sa rialachán ciste-shonrach).<br>*Leid: luaigh an cód agus ainm an chuspóra shonraigh i dteanga liosta na n-oibríochtaí.* | 2.7. — Soghluaisteacht uirbeach ilmhódach inbhuanaithe a chur chun cinn, mar chuid den aistriú chuig geilleagar carbóin glan-nialasach |
| **Oibríocht** | | |
| **Uimhir Aitheantais na hOibríochta** | Cód uathúil lena sainaithnítear oibríocht, arna shainiú ag an údarás bainistíochta nó ag an mBallstát.<br>*Leid: a chinntiú go bhfuil uimhreacha aitheantais ag gach oibríocht i ngach leagan de liostaí oibríochtaí, chun a chinntiú go ndéanfar sonraí oibríochta a nuashonrú ó leagan amháin den liosta go leagan eile. Más féidir, ba cheart an uimhir aitheantais a bheith mar an gcéanna leis an gceann sna Ballstáit agus mar atá i gcóras eolais na n-údarás bainistíochta. I gcás oibríochtaí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo, bain úsáid as an réimír "OSI" nó féach an moladh a luaitear dhá líne faoi.* | Tionscadal_CZ_01<br>*nó*<br>OSI_CZ_01 |
| **Ainm na hoibríochta** | Teideal na hoibríochta nó an ghrúpa tionscadal. | Feabhas a chur ar iompar poiblí i gcathair Osijek |

| | | |
|---|---|---|
| | *Leid: roghnaigh teidil shimplí intuigthe agus seachain téarmaí teicniúla, más féidir. Bain úsáid as acrainmneacha nuair atá ciall leo nó nuair a théann siad i bhfeidhm go maith ar an lucht féachana.* | |
| **Oibríocht a bhfuil tábhacht straitéiseach léi*** | Sonraigh cé acu atá nó nach bhfuil an oibríocht ina hoibríocht a bhfuil tábhacht straitéiseach léi. Leis na sonraí sin, beifear in ann oibríochtaí a aibhsiú, a scagadh agus a aisghabháil go héasca ar ardán Kohesio. | Beifear<br>*nó*<br>Ní bheifear |
| **Glao ar thograí*** | Sonraigh an glao ar thogra faoinar roghnaigh an clár an oibríocht. Ba cheart aitheantóir an ghlao ar thograí a bheith ar aon dul leis an aitheantóir a áirítear san amchlár a cheanglaítear le hAirteagal 49(2).<br>*Leid: luaigh an t-aitheantóir agus ainm an ghlao ar thogra.* | TRANSP_01 — gníomhaíochtaí atá dírithe ar an tsoghluaisteacht phoiblí i gcathracha a neartú |
| **Cuspóir agus gnóthachtálacha ionchais nó iarbhír** | Tuairisc shaincheaptha ar phríomhchuspóir agus ar phríomh-ghnóthachtálacha na hoibríochta.<br>*Leid: tabhair tuairisc shoiléir, shimplí agus fhóinteach, agus cuir san áireamh príomheolas faoin oibríocht, mar shampla cur síos ar an dúshlán a bhfuil an tionscadal ag tabhairt aghaidh air, cuspóirí an tionscadail, cuspóir agus gnóthachtálacha an tionscadail, cur síos ar ghníomhaíochtaí agus ar spriocghrúpaí an tionscadail, páirtithe leasmhara, úsáideoirí deiridh agus saoránaigh eile a bhainfidh tairbhe as an tionscadal. Más féidir, seachain acrainmneacha.* | ...<br>Is é is aidhm don tionscadal borradh a chur faoin iompar poiblí i gcathair "*xy*". Tógfar líne mheitreo nua 10 km i gcomharsanacht "*z*" agus nascfaidh sé ceantair chónaithe leis an ionad gnó. Tacaíonn an tionscadal leis an bhfís fhadtéarmach atá aige a bheith ina chathair ghlas athléimneach.<br>... |
| **Dáta tosaigh na hoibríochta** | An dáta ar a gcuirfear tús le cur chun feidhme na hoibríochta.<br>*Leid: bain úsáid as formáidí comhsheasmhacha do gach oibríocht, mar atá leagtha amach sa sampla.* | 20/05/2021 |
| **An dáta deiridh a mheastar a chríochnófar an oibríocht, nó an dáta iarbhír a** | Dáta deiridh beartaithe nó fíordháta deiridh na hoibríochta.<br>*Leid: bain úsáid as formáidí comhsheasmhacha le haghaidh gach oibríochta (féach an sampla).* | 20/05/2023 |

| | | |
|---|---|---|
| **críochnaíodh an oibríocht;** | | |
| **Táscaire suímh nó geoshuíomh le haghaidh na hoibríochta** | Eolas lena léirítear suíomh na hoibríochta.<br>*Leid: bain úsáid as domhanleithead agus domhanfhad geografach nó as cóid phoist toisc go soláthróidh siad na suíomhanna oibríochtaí is beaichte. Is féidir comhordanáidí GPS a asbhaint anseo.*<br><br>Maidir le hoibríochtaí suíomhbhunaithe, moltar go n-áireofaí an suíomh ina ndearnadh an infheistíocht fhisiciúil, ina ndearnadh an trealamh a ceannaíodh a shuiteáil, nó ina ndearnadh an chuid is suntasaí nó formhór na ngníomhaíochtaí tionscadail a chur chun feidhme (is é sin freisin an áit ar cheart plaiceanna marthanacha, cláir fógraí nó póstaeir a bheith le feiceáil go soiléir don phobal).<br><br>I gcás oibríochtaí nár cuireadh chun feidhme ag suíomh sonrach amháin, féach an réimse *Suíomh an tairbhí*.<br><br>I gcás Interreg, moltar suíomhanna na gcomhpháirtithe tionscadail uile a chur san áireamh. | 50.84801789269416, 4.350378703504829<br>*Nó*<br>1000 |
| **Tír** | Eolas lena léirítear an tír.<br>*Leid: bain úsáid as cóid chaighdeánaithe tíre mar atá liostaithe ar leathanach gréasáin Eurostat.* | NL |
| **Cineál na hidirghabhála** | Cóid agus/nó tuairiscí lena dtagraítear do chineálacha idirghabhálacha, mar a shonraítear in Iarscríbhinn I de Rialachán na bhForálacha Coiteanna. | 038 Tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh agus taispeántais in FBManna agus bearta tacaíochta |
| **Maoiniú** | | |

| | | |
|---|---|---|
| **Costas iomlán na hoibríochta** | Costais incháilithe iomlána a bhaineann leis an oibríocht.<br>*Leid: agus méideanna á lua, bain úsáid as "." mar dheighilteoir* | 1000000.00 |
| **An Ciste lena mbaineann** | Tagraíonn sé don Chiste Eorpach/do na Cistí Eorpacha atá ag tacú leis an oibríocht.<br>*Leid: bain úsáid as ([EUR-Lex]) aistriúcháin oifigiúla ar ainmneacha an Chiste sa teanga a úsáidtear le haghaidh liosta na n-oibríochtaí (mar shampla ERDF i mBéarla, EFRR sa Chróitis, FESR san Iodáilis...) Má tá oibríocht á maoiniú ag níos mó ná ciste amháin, sonraigh na cistí agus iad á ndeighilt le siombail an phíopa ("\|").* | CFRE<br>*nó*<br>CFRE \| CSE |
| **Ráta cómhaoinithe an Aontais** | Ráta cómhaoinithe oibríochta<br>*Leid: cuir céatadáin nó deachúlacha ar fáil.* | 32 %<br>*nó*<br>0.32 |
| **Tairbhí** | | |
| **Ainm an tairbhí** | Sonraigh ainm an tairbhí (i gcás eintitis dhlítheanacha) agus céadainm agus sloinne (i gcás inar duine nádúrtha é an tairbhí).<br>I gcás tairbhithe mar dhaoine nádúrtha, bainfear na sonraí 2 bhliain ó dháta a bhfoilsithe tosaigh ar shuíomh gréasáin an chláir nó ar thairseach aonair an tsuímh ghréasáin.<br>*Leid: ainmniú comhsheasmhach tairbhithe a chinntiú agus ainmneacha oifigiúla iomlána a úsáid (is é sin, seachain botúin chló nó a leithéid, mar shampla "City of Ferrara" agus "City Ferrara"). I gcás ina bhfuil roinnt tairbhithe san oibríocht, cuir iad go léir san áireamh agus déan na hiontrálacha a dheighilt óna chéile le siombail an phíopa ("\|").* | Cathair Ferrara<br>*nó*<br>Giovanni Giannini<br>*nó*<br>Giovanna Giannina \| Paolo Rossi |
| **Uimhir aitheantais an tairbhí*** | Uimhir aitheantais uathúil an tairbhí a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige. I gcás inar duine nádúrtha é an tairbhí, fágtar aitheantas an tairbhí ar lár.<br>*Leid: bain úsáid as uimhreacha aitheantais náisiúnta, mar shampla cláruimhir chuideachta nó a mhacasamhail, chun comhsheasmhacht a* | B_ID_1121<br>*nó*<br>0062164 \| 0071254 |

| | | |
|---|---|---|
| | *cheadú idir leaganacha éagsúla de liosta na n-oibríochtaí agus tuilleadh cruinnis a bheith in Kohesio (leis sin beifear in ann oibríochtaí uile tairbhí a ghrúpáil ar fud réigiún, clárthréimhsí agus Cistí). I gcás roinnt tairbhithe, cuir uimhreacha aitheantais le haghaidh tairbhithe uile oibríochta san áireamh agus déan iad a dheighilt le siombail an phíopa ("\|").* | |
| **Cineál tairbhí*** | Tairbhithe a chatagóiriú mar eintitis dhlítheanacha nó daoine nádúrtha. | Eintiteas dlíthiúil<br>*nó*<br>Duine nádúrtha |
| **Suíomh an tairbhí**<br>*(i gcás oibríochtaí móibíleacha nó oibríochtaí lena gcumhdaítear roinnt suíomhanna)* | I gcás inar eintiteas dlítheanach é an tairbhí, ní mór an suíomh a sholáthar.<br>I gcás inar duine nádúrtha é an tairbhí, ní mór réigiún NUTS 2 a sholáthar.<br><u>Maidir le hoibríochtaí móibíleacha nó oibríochtaí lena gcumhdaítear roinnt suíomhanna</u> (is é sin oibríochtaí nach gcuirtear chun feidhme in aon suíomh sonrach amháin ar nós tionscadail oiliúna — lena mbaineann ionaid éagsúla nó rannpháirtithe ó réigiúin/suíomhanna éagsúla, tionscadail lena gcuirtear seirbhísí digiteacha ar bun, ollscoileanna fíorúla nó a leithéid), ba cheart dóibh suíomh an tairbhí/na dtairbhithe a sholáthar. | "Corso Martiri della Libertà, 57, 44121 Ferrara, an Iodáil"<br>*nó*<br>"44.83671951293945, 11.619765281677246" |
| **Ainm an chonraitheora** | Sonraigh ainmneacha na gcuideachtaí, na n-eagraíochtaí agus na ngníomhaithe eile atá ar conradh mar chuid den oibríocht. Lena chomhlánú i gcás soláthair phoiblí.<br>*Leid: ainmniú comhsheasmhach conraitheoirí a chinntiú, chun gur féidir sonraí a ghabháil agus a réiteach go cruinn. Má tá níos mó ná conraitheoir amháin ag oibríocht, sonraigh in aon chill amháin iad trína scaradh le siombail an phíopa ("\|").* | Conraitheoir X<br>*nó*<br>Conraitheoir Z \| Conraitheoir Y |
| **Aitheantas chlár cabhlaigh** | Uimhir aitheantais uathúil an tsoithigh i gcabhlach iascaireachta an Aontais. | HRV000012 |

| | | |
|---|---|---|
| **iascaireachta an Aontais**<br><br>*(i gcás oibríochtaí CEMID)* | Bainfear na sonraí 2 bhliain ó dháta a bhfoilsithe tosaigh ar shuíomh gréasáin an chláir nó ar thairseach aonair an tsuímh ghréasáin. | |

**Samplaí maithe chun an leas is fearr a bhaint as liostaí oibríochtaí:**

- Liosta na n-oibríochtaí a dhéanamh oiriúnach don mheaisín agus foilsiú a chinntiú faoi URL cobhsaí, rud nach n-athraíonn tar éis roinnt athruithe ar an liosta (mar shampla www.authority.eu/list-of-operation).
- An chaoi a dtáirgtear liostaí oibríochtaí i do thír féin a chomhchuibhiú agus a chomhdhlúthú: is féidir le comhordaitheoirí cumarsáide náisiúnta an cheist a ardú maidir le liostaí d'oibríochtaí le hoifigigh chumarsáide cláir agus an struchtúr céanna a chur ar bun ar fud na gclár uile i dtír. Ina theannta sin, is féidir leis na Ballstáit liosta cuimsitheach lena gcumhdaítear na cláir uile a fhoilsiú ar thairseach aonair an tsuímh ghréasáin.
- A chinntiú go bhfuil oifigigh chumarsáide agus speisialtóirí TF nó bainistíochta eolais rannpháirteach i liostaí oibríochtaí a dhréachtú agus a fhoilsiú agus in Kohesio a úsáid. Tugtar faoi deara go mbaintear an leas is fearr is féidir as an gceanglas leis an teaglaim den dá phróifíl sin.
- Ina theannta sin, beidh forléargas ag speisialtóirí TF nó bainistíochta eolais in údaráis chláir ar réimsí sonraí is féidir a athúsáid maidir le ceanglais Airteagal 72(1,e) agus Iarscríbhinn XVII (sonraí atá le taifeadadh agus le stóráil go leictreonach ar gach oibríocht).
- Feidhmiúlacht easpórtála a chur san áireamh lena gceadaítear cnaipe íoslódála le haghaidh liosta iomlán na n-oibríochtaí.
- Cumasc ceall a sheachaint, mar go gcuireann sé sin teorainn le meaisín-inléiteacht sonraí.
- Caighdeáin uilíocha ionchódaithe a úsáid (mar shampla utf-8) aon uair is féidir, nó sonraíochtaí teicniúla a chur san áireamh ar bhealach eile.
- Comhéadan feidhmchláir (API) a thairiscint, is é sin bogearraí lenar féidir nasc a bhunú le bogearraí nó feidhmchlár eile. Cuidíonn sé sonraí a bhaint go huathoibríoch ó shuíomhanna gréasáin clár éagsúla chuig Kohesio ar bhealach slán agus struchtúrtha.
- Féach tuilleadh samplaí i rannán Ceisteanna Coitianta Kohesio.